An Coimisiún Eorpach

# Do chéad phost EURES

## Scéim soghluaisteachta spriocdhírithe



**Treoir d'Fhostóirí agus Cuardaitheoirí Poist**

eures.europa.eu
ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob

EURES

*Eoraip shóisialta*

# Do chéad phost EURES

## Scéim soghluaisteachta spriocdhírithe

A dhéanamh níos fusa

-bogadh thart agus obair

-daoine óga a earcú

san Eoraip

**An Coimisiún Eorpach**
An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht
Aonad C3

Lámhscríbhinn arna críochnú i mí Eanáir 2015

Líonra comhair is ea EURES idir an Coimisiún Eorpach agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí Bhallstáit LEE (tíortha AE-28 agus an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin agus eagraíochtaí comhpháirtíochta eile) ag tacú le soghluaisteacht oibrithe. Tá EURES ar cheann de thrí ais EaSI, Clár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta 2014-20.

Tá tacaíocht airgeadais faighte i leith an fhoilseacháin seo ó Chlár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta “EaSi” (2014-20).

Chun tuilleadh eolais a fháil féach: http://ec.europa.eu/social/easi

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraif chlúdaigh: iStockphoto, Getty Images
Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghrafanna nach bhfuil faoi chóipcheart na Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

*Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach*

Uimhir shaorghlao (*):

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015

ISBN 978-92-79-43425-9
doi:10.2767/65267

© An tAontas Eorpach, 2015
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

# Clár ábhair


An Scéim Spríocdhírithe Soghluaisteachta “Do chéad post EURES”: Cad é sin? . . . . . . . . . . 5

Réitigh a sholáthar ar an dífhostaíocht i measc an ógra . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

DCPE: Seirbhísí fostaíochta agus sonraí teagmhála . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

Cé atá incháilithe? Conas is féidir páirt a ghlacadh ann? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

Daoine óga . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

Fostóirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 9

Cad iad na socrúcháin oibre incháilithe? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 10

Poist, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí trasteorann a phlé . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

Oibrithe a chuirtear i gceann poist in aghaidh oibrithe taistil . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

Tacaíocht airgeadais do dhaoine óga . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 12

Cé atá incháilithe? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 12

Cad iad na costais atá cumhdaithe? . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 13

Tacaíocht airgeadais do FBManna (fostóirí) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 18

Bearta tacaíochta eile . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 21

Oiliúint ullmhúcháin (oiliúint teanga nó eile) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 21

Tacaíocht meantóireachta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 21

Rannpháirtithe a íoc . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 22

Forbhreathnú ar rialacha DCPE . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23

Gluais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25

Tagairtí úsáideacha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 27

# An Scéim Spríocdhírithe Soghluaisteachta “Do chéad post EURES”: Cad é sin?


Is éard is do chéad post EURES ann (DCPE) scéim soghluaisteachta spriocdhírithe chun cuidiú le **náisiúnaigh óga** san aoisghrúpa 18-35 bliain d’aois as ceann ar bith de na 28 tír AE-28 agus tíortha de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (CSTE/LEE)[1] (an Iorua agus an Íoslainn) socrúchán oibre a fháil (post, cúrsa oiliúna nó printíseacht) i dtír CSTE/LEE AE eile seachas a dtír chónaithe féin. Cuidíonn sé le **fostóirí** fosta, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) leis an lucht oibre a theastaíonn uathu dá bhfolúntais atá deacair le líonadh a fháil.

Baintear leas i scéim DCPE as gníomhaíocht ullmhúcháin rathúil trí bliana leis an ainm céanna agus nithe comhchosúla, rud a lainseáil an Coimisiún Eorpach in 2012.

Cuirtear scéim DCPE i bhfeidhm faoi ais EURES de Chlár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ar ionstraim maoiniúcháin Eorpach é atá bainistithe go díreach ag an gCoimisiún Eorpach chun cur le cur i bhfeidhm na straitéise “Eoraip 2020”. I measc tosaíochtaí eile, cuirtear béim faoi leith ann ar ghrúpaí leochaileacha amhail daoine óga agus cuirtear ardleibhéal fostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe chun cinn freisin. Tá sé mar aidhm ag scéim spriocdhírithe soghluaisteachta faoi chlár EaSI modhanna nuálacha a thástáil chun soghluaisteacht post trasteorann a chur i bhfeidhm agus chun dul i ngleic le riachtanais spriocghrúpaí sainiúla, earnálacha eacnamaíochta, ceirdeanna nó tíortha.

Mairfidh gach socrúchán oibre ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad, bunaithe ar chonradh foirmiúil saothair idir an duine óg agus an fostóir. Tá an t-iarrthóir a earcaítear i dteideal luach saothair, feasachta ar chearta agus cosaint shóisialta imleor. Tugtar tús áite do dhaoine óga a bhfuil deis oibre á lorg acu i dtír eile den **chéad** uair. Mar sin féin, d’fhéadfadh cuardaitheoirí poist a rinne staidéar nó a bhí ag obair cheana i dtír eile seachas a dtír féin cáiliú le haghaidh thacaíocht DCPE chomh maith.

Amhail an clár a thagann sé ina ionad, reáchtáiltear DCPE trí ghlaonna bliantúla ar thograí. Tá an scéim curtha i bhfeidhm ag na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ar baill iad de líonra EURES. Féadfaidh eagraíochtaí margadh saothair eile páirt a ghlacadh fosta. Ní mór do na seirbhísí sin rialacha na scéime a chur i bhfeidhm, agus is féidir leo modheolaíochtaí éagsúla a úsáid.



## Cumhdach geografach DCPE

An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, an Spáinn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn, an Ungáir, agus an Íoslainn agus an Iorua (tíortha CSTR/LEE) chomh maith.

*“Chinn mé teacht go dtí an Ghearmáin mar tá meas mór ag muintir na tíre seo ar ghairmithe cosúil liom féin. Seo an chéad phost agam a bhaineann le mo chuid staidéir ach, in ainneoin sin, tá fostaithe Gearmánacha sásta oiliúint a chur ar dhaoine agus iad a choimeád tar éis na hoiliúna.”*

**Rosa Corchero, teicneoir ríomhaire Spáinneach atá ag obair sa Ghearmáin.**

[1] An Íoslainn agus an Iorua de réir chomhaontú LEE.

# Réitigh a sholáthar ar an dífhostaíocht i measc an ógra

Tá sé mar chuspóir ag scéim DCPE taithí poist agus oiliúna luachmhar a sholáthar do dhaoine óga tráth a bhfuil an dífhostaíocht dóibh siúd atá idir 15 agus 24 bliain d'aois níos mó ná dhá oiread ráta dífhostaíochta an daonra i gcoitinne.

Tá an dífhostaíocht i measc an ógra san Eoraip an-ard. I mí na Samhna 2014 b'ionann ráta na dífhostaíochta i measc an ógra agus 21.9 % in AE-28 i gcomparáid le 10 % den daonra iomlán. Ina ainneoin sin thaifead roinnt Ballstát ina bhfuil na rátaí dífhostaíochta i measc an ógra an-ard, amhail an Ghréig, an Chróit agus an Spáinn, leibhéil i bhfad níos ísle i gcomparáid le blianta beaga anuas. Tá an chuma ann go bhfuil daoine ó 15-24 bliain d'aois, mná go háirithe, thar a bheith leochaileach i leith a bheith díspreagtha ó fhostaíocht a ghlacadh. Dealraíonn sé go bhfuil comhtháthú daoine fásta os cionn 25 bliain d'aois sa mhargadh saothair ina dhúshlán eile. Bhí an-iamhairt ag an ngéarchéim eacnamaíoch orthu ach níl tairbhe bainte acu fós ón téarnamh le déanaí.

Cé nach féidir le DCPE na míchothromaíochtaí go léir sa mhargadh saothair a réiteach, d'fhéadfadh sé réitigh a sholáthar ach é a dhéanamh níos furasta do dhaoine óga taithí oibre a fháil i mBallstát eile. Cabhróidh sé leis an Aontas Eorpach freisin a sprioc a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 75 % a bhaint amach i measc daoine idir 20–64 bliain d'aois in AE faoin mbliain 2020, mar a thugtar achoimre air sa straitéis i leith fáis "Eoraip 2020".

Baintear leas sa scéim nua as ceachtanna a foghlaimíodh le gníomhaíocht ullmhúcháin DCPE maidir le héifeachtúlacht meaitseáil post saincheaptha agus seirbhísí socrúchán oibre mar aon le tacaíocht airgeadais. Baineadh de thátal i measúnú ar DCPE gur uirlis ábhartha agus nuálach í an scéim chun dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an ógra, aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúint scileanna agus feabhas a chur ar shoghluaisteacht saothair san Eoraip. ComhlánaíonnDCPE cláir náisiúnta nó AE eile maidir leis an tsoghluaisteacht [2].

### *Léargas gairid: torthaí ghníomhaíocht ullmhúcháin DCPE (Buiséad an AE 2011-2013)*

Cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí faoi ghníomhaíocht ullmhúcháin DCPE in 2012, agus dámhadh 15 thionscadal ar an iomlán. Idir an tréimhse 2012 agus 2014, bhí thart ar 3 400 socrúchán oibre mar thoradh ar an scéim DCPE. B'ionann formhór na socrúchán agus poist do dhaoine óga a bhí dífhostaithe ag an tráth a rabhthas ag fostú. Ba iad na trí earnáil eacnamaíocha ba mhó i dtéarmaí socrúchán ná Faisnéis Cumarsáid, Gníomhaíochtaí Seirbhís Riaracháin agus Tacaíochta, agus Gníomhaíochtaí Shláinte an Duine agus Oibre Sóisialta. Bhí formhór na ndaoine a fuair poist faoi bhun 27 bliain d'aois. Ba iad daoine óga a chríochnaigh a gcuid oideachais mheánscoile nó a gcuid gairmoideachais formhór na ndaoine a fuair post trí DCPE. Le linn na tréimhse sin, ba iad na trí thír earcaíochta ba mhó an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Spáinn. Ba iad an Spáinn, an Pholainn agus an tSualainn na trí thír thionscnaimh ba mhó.

(2) http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=993&langId=ga

# DCPE: Seirbhísí fostaíochta agus sonraí teagmhála

Cuirtear DCPE i bhfeidhm leis na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, baill de chuid líonra EURES, i gcomhar le heagraíochtaí EURES eile – ar a dtabharfar "seirbhísí fostaíochta DCPE" anseo feasta.

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as DCPE ó thaobh polaitíochta agus airgeadais de ar an iomlán. Tá sé freagrach freisin as an scéim a chur chun cinn, as treoir agus tacaíocht a sholáthar do na heagraíochtaí um chur i bhfeidhm, agus as monatóireacht agus measúnú foriomlán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí.

Tá "seirbhísí fostaíochta DCPE" freagrach as na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa treoir seo a reáchtáil. Agus spreagadh á thabhairt dóibh ag cuspóirí dírithe, cuireann siad na nithe seo a leanas ar fáil: **eolas, earcaíocht, meaitseáil agus tacaíocht réamhshocrúcháin, socrúcháin agus iarshocrúcháin do dhaoine óga agus d'fhostóirí araon**. Cé go ndéileálann gach "seirbhís fostaíochta DCPE" le folúntais i bpoist, d'fhéadfadh nach gcumhdóidh cuid díobh socrúcháin cúrsaí oiliúna agus/nó printíseachta. D'fhéadfadh infhaighteacht agus/nó tacaíocht maidir le socrúcháin dá leithéid a bheith éagsúil agus teoranta dá bhrí sin.

Is iad riachtanais agus coinníollacha an mhargaidh shaothair, den chuid is mó, a rialóidh deiseanna socrúchán fostaíochta agus sreafaí lucht saothair. D'fhéadfaidís seo athrú le himeacht ama. Ní féidir le DCPE gabháil air féin post, cúrsa oiliúna nó printíseacht a sholáthar i mBallstát eile do gach uile ógchuardaitheoir poist, a bhfuil spéis aige nó aici sa scéim, ná an lucht saothair taistil atá á lorg ag fostóir a sholáthar dó/di thar theorainneacha.

**Tá tuilleadh eolais faoi "seirbhísí fostaíochta DCPE" agus faoina ngníomhaíochtaí tacaíochta, mar aon le sonraí teagmhála, le fáil ar:**

**http://eures.europa.eu**

**http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob**

*"Go minic sáraíonn na bacainní ar thaisteal an spreagadh chun bogadh thar lear le haghaidh obair a fháil. Tá an fhéidearthacht go gcuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil riachtanach don dá pháirtí, agus bhí DCPE ríthábhachtach maidir leis na costais lóistíochta agus athlonnaithe a bhainistiú."*

**Giambattista Bufalino, Bainisteoir Acmhainní Daonna
ag comhlacht ríomhchearrbhachais LB Group, sa Mháltach.**

# Cé atá incháilithe?
# Conas is féidir páirt a ghlacadh ann?



Díríonn DCPE ar ógchuardaitheoirí poist agus ar chuideachtaí (FBManna den chuid is mó) atá ag iarraidh folúntais a líonadh ó thíortha CSTE/LEE AE [3]. Sna leathanaigh seo a leanas mínítear na rialacha rannpháirtíochta, mar aon leis na riachtanais a bhaineann le ***poist*** agus le ***cúrsaí oiliúna*** agus le ***printíseachtaí***

## Daoine óga

Tá cead ag na daoine seo a leanas páirt a ghlacadh sa scéim DCPE: daoine idir **18–35 bliain d'aois**, ar náisiúnaigh CSTE/LEE AE iad agus a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil i dtíortha CSTE/LEE AE ar bith, a bhfuil post, cúrsa oiliúna nó printíseacht á lorg acu i dtír éigin CSTE/LEE AE seachas a dtír chónaithe féin.

Roghnaíodh an t-aoisghrúpa seo mar go mbíonn deacrachtaí ag a lán daoine óga déanach sna 20í nó sna 30í post a fháil, agus sin in ainneoin go ndéantar an t-athrú idir staidéar agus obair idir 18–24 bliain d'aois de ghnáth. I measc na mbacainní a bhíonn ann don ghlúin seo de ghnáth bíonn margadh post neamhbhuan agus ró-cháilíocht.

Ní mór do gach iarrthóir a bheith idir 18–35 bliain d'aois nuair a chuireann siad iarratas isteach. Féadfaidh iarrthóir ar bith cáiliú do thairiscint poist, cúrsa oiliúna nó printíseachta agus do thacaíocht airgeadais, ar chuntar go gcuirfear iarratas isteach roimh 36 bliain d'aois.

### *Próifíl na gcuardaitheoirí poist*

Níl DCPE saincheaptha le haghaidh cuardaitheoirí poist céaduaire amháin. Is féidir le gach duine óg a chomhlíonann na critéir thuas páirt a ghlacadh ann, beag beann ar a leibhéal oideachais, taithí oibre/oiliúna nó cúlra eacnamaíoch nó sóisialta — ar chuntar go gcloífidh sé nó sí le sonraíochtaí an fholúntais agus le dlíthe saothair na tíre earcaíochta. Is féidir le daoine óga a bhfuil ardleibhéal nó leibhéal íseal cáilíochtaí acu iarratas a dhéanamh.

### Seicliosta iarrthóra

- Ina c(h)ónaitheoir náisiúnach agus dlíthiúil de thír AE-28 nó CSTE/LEE (an Íoslainn agus an Iorua)
- Idir 18–35 bliain d'aois tráth an t-iarratas a chur isteach
- Ag lorg poist, cúrsaí oiliúna nó printíseachta i dtír CSTE/LEE AE eile
- Cuardaitheoir poist nó duine atá ag athrú poist — ní gá go mbeadh iarrthóir taistil céaduaire i gceist
- D'fhéadfadh ardcháilíochtaí nó cáilíochtaí ísle a bheith aige nó aici tráth an iarratais
- Bíonn taithí oibre úsáideach ach ní bhíonn sí riachtanach

Chun eolas a fháil faoi na bearta ***idirthréimhseacha*** atá curtha i bhfeidhm maidir le hoibrithe ón gCróit, gabh le do thoil chuig:

http://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=ga&catId=466

*"Bhí an scéim an-úsáideach agus bheinn sásta í a mholadh d'aon duine. Bhí sé deacair dom aistriú mar tá mo theaghlach agus mo chailín sa Ghréig go fóill, ach ceapaim gur cuireadh tús le mo shaol nua sna himthosca is fearr."*

**Alexandros Giannoulakis, altra Gréagach san Fhionlainn.**

(3) Tá na tíortha incháilithe leagtha amach sa chaibidil **An Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe** **"Do chéad phost EURES (DCPE)": cad é sin?**

## Fostóirí

Is féidir le gnólachtaí, FBManna go háirithe, nó eagraíochtaí eile sna tíortha CSTE/LEE AE, atá bunaithe go dlíthiúil, páirt a ghlacadh i scéim DCPE. Níl tacaíocht airgeadais le fáil ach do FBManna, áfach

Is féidir leis na fiontair seo páirt a ghlacadh sa scéim freisin: fiontair ó Chónaidhm na hEilvéise nó ó Lichtinstéin [4], nó ó thríú tíortha, **ar an gcoinníoll go bhfuil na fiontair bunaithe go dlíthiúil i dtír CSTE/LEE AE**.

Ní mór do gach eagraíocht cloí leis na dlíthe saothair agus cánach atá infheidhmithe sna tíortha ina bhfuil siad bunaithe.

Ní féidir socrúchán fostaíochta a fháil le hinstitiúidí agus le comhlachtaí Eorpacha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta beartais, eacnamaíocha, sóisialta agus eolaíochta eile (m.sh. na Náisiúin Aontaithe (NA), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), Comhairle na hEorpa ná a samhail), ná le comhlachtaí rialaithe fornáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí. Baineann na critéir sin le líonraí, ardáin nó eagraíochtaí comhchosúla eile arna maoiniú ag AE chomh maith.

### *Díriú ar FBManna*

Chun críocha DCPE, is é an rud atá i gceist le FBM ná gnólacht a fhostaíonn suas le 250 duine. Dírítear go príomha ar na cuideachtaí seo mar phríomhghrúpa gnó mar go gcuireann siad le forás eacnamaíoch na hEorpa, go háirithe le poist nua a chruthú. Bhí os cionn 99 % de na gnólachtaí a chruthaigh ní ba mho ná 66 % den fhostaíocht iomlán (8.88 milliún daoine fostaithe in AE-28 in 2013) ina FBManna agus tá siad taobh thiar den fhás eacnamaíoch, nuálaíocht, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta. Cuireann siad dhá phost as trí phost san earnáil príobháideach ar fáil agus cuireann siad le níos mó ná leath an bhreisluacha iomláin a chruthaíonn gnólachtaí in AE.

I measc na gcineálacha éagsúla fachtóirí a chuidíonn le FBManna an ghéarchéim eacnamaíoch a shárú tá feabhas ar scileanna, nuálaíocht agus idirnáisiúnú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá oibrithe éirimiúla a earcú ó Bhallstáit eile. Ach ní dhéanann FBManna baill foirne a earcú ná ní ghlacann siad le daoine faoi oiliúint ná le printísigh ó thír eile go minic. Téann deacrachtaí a bhaineann le hathlonnú agus/nó soláthar na seirbhísí oiliúna agus meantóireachta chun comhtháthú iarrthóirí soghluaiste a éascú i gcion ar chuideachtaí níos lú den chuid is mó.

Is é príomhchuspóir na tacaíochta airgeadais a sholáthraíonn DCPE ná cabhrú le FBManna daoine óga éirimiúla ó thíortha CSTE/LEE AE eile a earcú agus lánpháirtiú níos fearr a bhaint amach ina leith.

### *Fostóirí eile*

Féadfaidh cuideachtaí móra nó eagraíochtaí cáilithe eile, nach "FBManna" iad de réir sainmhínithe, mar aon le seirbhísí fostaíochta a fheidhmíonn mar fhostóirí, páirt a ghlacadh freisin sa scéim DCPE, ach gan aon tacaíocht airgeadais DCPE. Bíonn seirbhísí um lánpháirtíocht foirne agus um meantóireacht, atá bunaithe go maith, ag na fostóirí seo cheana.

(4) Tíortha CSTE nach bhfuil páirteach in DCPE

## Cad iad na socrúcháin oibre incháilithe?

Chun bheith i dteideal tacaíocht a fháil faoi DCPE, ba cheart go mbeadh socrúcháin oibre "á ndéanamh ag aon duine a thugann faoi obair fhíoréifeachtach, a fhaigheann sé nó sí pá ina leith, faoi threoir duine éigin eile." Déantar cur síos air seo i gCumarsáid 2010 an Choimisiúin maidir le "Saorghluaiseacht oibrithe a athdheimhniú" agus cuirtear tacaíocht leis sa chás-dlí Eorpach.

Nuair a théann fostaí i mbun oibre i gcomhlacht deirtear go mbíonn post aige; cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí (cúrsaí oiliúna obairbhunaithe) a bhíonn ann nuair a chaitear tréimhse oibre praiticiúla in ionad oibre. (Tugtar míniú breise ar na téarmaí go léir sa ghluais príomhthéarmaí agus giorrúchán, leathanaigh 25-26).

Tugann 'seirbhísí fostaíochta DCPE' tús áite d'fholúntais i bpoist agus d'fhéadfadh sé nach bpléann cuid díobh le socrúcháin cúrsaí oiliúna agus/nó printíseachta. Dá bhrí sin d'fhéadfadh infhaighteacht agus/nó tacaíocht socrúcháin oibre dá leithéid a bheith éagsúil agus teoranta. Ní mór d'iarrthóirí tuilleadh faisnéise a lorg i ndáil le "seirbhísí fostaíochta DCPE".

### *Rialacha ginearálta*

Faoin scéim DCPE, i bprionsabal, féadfaidh aon phost, aon chúrsa oiliúna nó aon phrintíseacht a chloíonn le dlí náisiúnta bheith i dteideal tacaíocht a fháil, beag beann ar an earnáil eacnamaíoch ná ar an gcreat rialaithe náisiúnta. Ach ní chumhdaíonn DCPE cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí atá ina gcuid de riachtanais shainordaitheacha maidir le deimhniú gairmiúil (mar a dhéantar de ghnáth i ngairmeacha rialaithe, m.sh. na hearnálacha dlí, míochaine agus ailtireachta).

Nuair a ghlacann iarrthóirí post, cúrsa oiliúna nó prinstíseacht ní mór dóibh a bheith dífhostaithe – i bhfocail eile, nach bhfuil faoi cheangal dlí d'fhostóir ar bith, bíodh sé sin ina dtír chónaithe nó áit ar bith eile.

I ***ngach*** cás, ní mór do na socrúcháin oibre incháilithe bheith ag teacht leis na caighdeáin seo a leanas:

- bheith suite i dtír CSTE/LEE AE, nach tír chónaithe an ógchuardaitheora phoist, an duine faoi oiliúint ná an phrintísigh é;
- bheith faoi réir ag eolas oscailte trédhearcach maidir le cearta agus oibleagáidí an duine faoi oiliúint/an phrintísigh, an fhostóra, na bpáirtithe leasmhara mhargadh saothair eile agus, más infheidhme, na heagraíochta um oiliúint oideachais/um ghairmoiliúint;
- cloí le dlíthe náisiúnta saothair agus cosanta sóisialta agus cosaint agus sochair leordhóthanacha (slándáil shóisialta, árachas sláinte agus timpiste) a chinntiú d'oibrithe taistil agus do dhaoine faoi oiliúint nó printísigh taistil;
- luach saothair agus conradh scríofa a chinntiú;
- na cuspóirí gairmiúla (nó gairmoiliúna), fad an chaidreamh conartha, uaireanta oibre, cearta agus oibleagáidí agus soláthair luacha saothair agus slándála sóisialta a shonrú sa chonradh saothair;
- go mairfidh siad seo go léir ar feadh sé mhí ar a laghad; agus
- gur socrúchán oibre lánaimseartha nó páirtaimseartha atá ann (50 % nó níos mó de choibhéis lánaimseartha, nó coibhéis lánaimseartha)

Rialacha sainiúla maidir le **cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí**:

Ba cheart go mbeadh cuideachtaí rannpháirteacha nó ósteagraíochtaí eile sásta daoine faoi oiliúint nó printísigh ó Bhallstáit eile a earcú agus go gcloífeadh siad le caighdeáin náisiúnta agus DCPE a bhaineann le cúrsaí oiliúna agus le printíseachtaí.

Ní mór d'fhostóirí a thugann isteach printíseach nó duine faoi oiliúint trí DCPE na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- foghlaim agus oiliúint sa phost a thairiscint a chuirfidh feabhas ar scileanna;
- gairmtheagasc ceart/meantóireacht cheart a sholáthar san óstchuideachta nó san ósteagraíocht le linn na hoiliúna obairbhunaithe;
- chomh fada agus is féidir, tacaíocht lonnaithe agus lóistíochta a sholáthar, m.sh. cabhair chun cóiríocht a fháil (i mbrú óige, le teaghlach óstach, in árasán, srl.), freastal ar ranganna scoile a éascú i gcás córais dé-oiliúna agus, más infheidhme, tacaíocht airgeadais chomhlántach ó fhoinsí maoinithe náisiúnta (poiblí nó príobháideach) a chinntiú;
- deimhniú nó dearbhú scríofa a eisiúint ina n-aithnítear go foirmiúil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaimítear le linn an chúrsa oiliúna nó na printíseachta, de réir cleachtas náisiúnta nó chleachtas na cuideachta/heagraíochta.

### Seicliosta fostóra

- Eagraíocht mhór nó FBM atá bunaithe go dlíthiúil i dtír CSTE/LEE AEA
- A bhfuil folúntas poist/cúrsa oiliúna nó printíseacht amháin nó níos mó le líonadh aici
- Atá sásta duine a earcú ó thír AE-28 nó CSTE/LEE eile (an Íoslainn agus an Iorua)
- A thairgeann socrúchán oibre de réir dlíthe náisiúnta saothair agus cosanta sóisialta
- Conradh sé mhí ar a laghad, socrúchán oibre lánaimseartha nó páirtaimseartha (50 % nó níos mó de choibhéis lánaimseartha)
- I gcás daoine faoi oiliúint nó printíseach: a bheith ábalta foghlaim scileanna agus oiliúint sa phost a sholáthar, tacaíocht athlonnaithe eile a sholáthar, agus deimhniú/dearbhú a eisiúint ag deireadh an tsannacháin maidir leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a foghlaimíodh.

## Poist, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí trasteorann a phlé

Soláthraíonn DCPE tacaíocht airgeadais d'oibrithe óga taistil trasnáisiúnta agus trasteorann chun aistriú thar lear, má chuireann siad fúthu (go buan nó go sealadach) sa tír ina bhfuil an sannachán bunaithe.

I gcás post, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí trasteorannacha, nach dteastaíonn athlonnú ina leith nó bheith i do dhéchónaitheoir, ní bhfaighidh an t-iarrthóir maoiniú bunráta chun íoc as costais athlonnaithe (chun tuilleadh eolais a fháil faoi thacaíocht airgeadais, féach leathanach 14).

Baineann sé seo, mar shampla, le hiarrthóirí a bhfuil sé beartaithe acu, nó a aontaíonn dul chun obair a dhéanamh i dtír CSTE/LEE AE lámh leo gan a dtír chónaithe a athrú, .i. taistealaíonn siad go dtí an Ballstát sin gach lá. D'fhéadfadh na hiarrthóirí seo leas a bhaint fós as seirbhísí tacaíochta um meaitseáil agus um shocrúchán fostaíochta, tacaíocht airgeadais do chatagóirí caiteachais eile san áireamh.

## Oibrithe a chuirtear i gceann poist in aghaidh oibrithe taistil

Ní féidir DCPE a chur i bhfeidhm ar chonarthaí saothair a thagann faoi reachtaíocht AE a bhaineann le hoibrithe a chur i gceann poist (Treoir 96/71/CE).

Baineann oibrithe a chuirtear i gceann poist agus oibrithe taistil le dhá chatagóir dhifriúla: Déantar "oibrí a chuirtear i gceann poist" a fhostú i mBallstát ach seolann an fostóir an t-oibrí chuig Ballstát eile chun obair ann go sealadach.

I gcomparáid leis sin, duine is ea "an t-oibrí taistil" a bheartaíonn dul go dtí tír eile CSTE/LEE AE eile chun post nó gairmoiliúint a lorg, a ghlacann socrúchán poist i mBallstát eile agus a oibríonn ann.

# Tacaíocht airgeadais do dhaoine óga



Cumhdaíonn tacaíocht airgeadais DCPE cuid de na costais as an n-íocann na rannpháirtithe — daoine óga agus fostóirí — a bhaineann le gníomhaíochtaí socrúchán oibre trasnáisiúnta nó trasteorann.

Mar an gcéanna le gníomhartha soghluaisteachta eile, arna maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, cuirtear **maoiniú bunráta**, mar aon le meicníochtaí maoiniúcháin eile, i bhfeidhm maidir le DCPE. Buíochas leis an modh seo, is furasta méid an deontais a ríomh trí **rátaí réamhbhunaithe** a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí áirithe caiteachais. Is córas trédhearcach é chomh maith a chinntíonn go bpléitear le spriocghrúpaí ar chomhchéim lena chéile.

I gcás catagóirí tacaíochta eile, ní mór meastachán buiséid de chostais incháilithe, sonrasc nó fáltas de na costais thabhaithe a chur isteach chun aisíocaíocht a fháil.

## Cé atá incháilithe?

Is féidir le cuardaitheoirí poist ar bith óga a chomhlíonann na critéir rannpháirtíochta atá sonraithe ar leathanach 8 — agus atá cláraithe le "seirbhís fostaíochta DCPE" chun iarratas a chur isteach ar phost, ar chúrsa oiliúna nó ar phrintíseacht i mBallstát eile — cáiliú le haghaidh tacaíocht earcaíochta agus airgeadais, ar chuntar go ndéanfar:

- an cuardaitheoir poist a phróifíliú nó a roghnú roimh ré d'fholúntas i dtír CSTE/LEE AE eile trí "seirbhís fostaíochta DCPE"; agus
- "seirbhís fostaíochta DCPE" na coinníollacha chun maoiniú a éileamh a chomhlíonadh agus a fhaomhadh mar atá sonraithe sa treoir seo.

Féadfaidh cuardaitheoirí poist atá ina gcónaí go sealadach i dtír CSTE/LEE AE eile, a bhfuil post, cúrsa oiliúna nó printíseacht á lorg acu, leas a bhaint freisin as tacaíocht DCPE. Chuige seo, ba cheart dóibh clárú le "seirbhís fostaíochta DCPE" agus bheith curtha ar ghearrliosta d'fholúntas poist amháin nó níos mó, más ann, sa tír ábhartha óstach. Tá na hiarrthóirí seo i dteideal tacaíocht airgeadais de gach catagóir a fháil, ach amháin liúntas athlonnaithe.

**Ní mór do chuardaitheoirí poist clárú i gcónaí le seirbhís fostaíochta DCPE. Ní cinnte go bhfaighfear tacaíocht airgeadais tar éis clárú. Níl cuardaitheoirí poist a fuair socrúcháin oibre i mBallstáit eile, trí eagraíochtaí nó trí theagmhálaithe eile, i dteideal tacaíocht airgeadais a fháil.**

## Cad iad na costais atá cumhdaithe?

Faigheann an rannpháirtí tacaíocht airgeadais ón tús, sula dtosaíonn sé nó sí ag obair. Mar atá réamhráite, d’fhéadfadh liúntas bunráta nó aisíocaíocht costas ceart bheith i gceist.

Cumhdaíonn **liúntais bhunráta** cuid de na costais taistil, árachais agus chothaithe a thabhaítear le linn an turais agallaimh agus na costais a bhaineann le haistriú sula bhfaightear an chéad íocaíocht tuarastail. Bíonn tacaíocht airgeadais dlite beag beann ar mhéid na cuideachta/heagraíochta fostaíochta.

Is féidir le hiarrthóirí óga iarratas a chur isteach freisin ar aisíocaíocht pháirteach na gcostas seo a leanas:

- cúrsaí teanga
- cáilíochtaí a aithint; agus
- soghluaisteacht i gcás riachtanais speisialta.

Tá iarrthóirí freagrach as a n-árachas taistil. Ba chóir go mbeadh an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte acu. Is cárta saor in aisce é seo a thugann rochtain dóibh ar chúram sláinte leighis riachtanach arna sholáthar ag an stát le linn cónaí sealadach i gceann ar bith de na tíortha LEE, faoi na coinníollacha céanna agus ar an gcostas céanna (saor in aisce i roinnt tíortha) le daoine atá faoi árachas sa tír sin [5].

### *Turas agallaimh chuig trí CSTE/LEE AE eile*

Déanann an téarma “agallamh” tagairt d’idirphlé duine le duine le fostóir amháin nó níos mó. Féadfaidh comórtais roghnóireachta bheith i gceist leis freisin. ***Ní gá*** dul ar thuras agallaimh thar lear, ach tá sé ar cheann de na nósanna imeachta éagsúla roghnóireachta.

Ní ***ceart*** é turas agallaimh ach oiread, mar nach n-eisítear cuirí ach amháin nuair a thagann na fostóirí atá ag glacadh páirte sa scéim DCPE agus na seirbhísí fostaíochta ábhartha ar chomhaontú. De rogha air sin, ní thabharfaidh siad cuireadh d'iarrthóirí ach amháin má tá seans mór ann go ndéanfar an t-iarrthóir a fhostú, agus cuirfidh siad san áireamh fad an turais agus na costais a bheidh le híoc ag an gcuardaitheoir poist. Tá de rogha ag iarrthóir glacadh le turas agallaimh nó diúltú dó nó rogha eile a mholadh, m.sh. agallaimh teileafóin nó físchomhdhála.

(5) Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcárta agus conas é a fháil ar fáil ag http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=559&langId=ga

Ní dhéantar liúntas chun dul ar thuras agallaimh go dtí tír eile AE a údarú go dtí go mbíonn scrúdú déanta ag “seirbhís fostaíochta DCPE” in éineacht leis an bhfostóir nó na fostóirí ar riachtanais chearta earcaíochta agus ar chostas tairbhe féideartha an ghnímh.

Má thugtar cead don iarrthóir dul ar thuras agallaimh amháin nó níos mó thar lear, bíonn se nó sí i dteideal suim sheasta a fháil, bunaithe ar fhad an turais ó áit chónaithe an iarrthóra go dtí suíomh an agallaimh agus liúntas cothaithe laethúil ar feadh 3 lá ar a mhéad. Is ranníocaíocht é an liúntas seo chun íoc as costais taistil agus chothaithe (béilí, iompar áitiúil, teileachumarsáid agus ilghnéithe eile, árachas taistil agus cóiríocht san áireamh (féach an tábla).

## *Turas agallaimh i dtír dhúchais an iarrthóra*

Taistealaíonn fostóirí go minic go dtí tír chónaithe an iarrthóra chun agallaimh a dhéanamh ag aonaigh fostaíochta nó ag imeachtaí trasnáisiúnta earcaíochta. Slí éifeachtúil is ea seo chun líon na socrúchán oibre a spreagadh agus costais taistil na n-iarrthóirí á laghdú.

In ainneoin na gcoigilteas a bhaineann leis an rogha seo, féadfaidh sé go mbeidh ar iarrthóirí méid suntasach airgid a íoc go fóill, go háirithe má bhíonn an t-agallamh i gcathair i bhfad ó áit chónaithe an iarrthóra. Sa chás seo, bainfidh na rialacha le haghaidh turas agallaimh go dtí tíortha CSTE/LEE AE eile, inter alia, le turais sa tír dhúchais. Bíonn feidhm ag na critéir mheasúnaithe chéanna is a bhaineann le turais agallaimh i dtíortha CSTE/LEE AE eile.

Baineann an rogha seo go sonrach le hiarrthóirí a thaistealaíonn laistigh de thíortha móra nó a thaistealaíonn ó chríocha náisiúnta amach go dtí mórthír na hEorpa.

## *Fad geografach an turais go dtí an t-agallamh a ríomh*

Déanfar fad an turais, lena socraítear an tsuim a dháiltear chun tacú leis an turas agallaimh, a thomhas ón áit chónaithe (nó an phríomhchathair is gaire) go dtí suíomh an agallaimh (nó an phríomhchathair is gaire).

Más gá cuairt a thabhairt ar shuíomhanna difriúla sa Bhallstát céanna nó i mBallstáit dhifriúla, ba cheart go mbeadh an liúntas údaraithe bunaithe ar an bhfad idir áit chónaithe an iarrthóra agus an ceann sprice agallaimh is faide ó láthair.

## *Roghanna agallaimh eile*

Ba cheart agallaimh a dhéanamh trí ghuthán nó trí theileachomhdháil aon uair is féidir. Ní mór do "seirbhísí fostaíochta DCPE" cabhrú le hiarrthóirí óga agus/nó fostóirí nach bhfuil an trealamh riachtanach acu seirbhísí teileachomhdhála a rochtain.

| LIÚNTAS DAOINE ÓGA LE HAGHAIDH AGALLAIMH/AGALLAMH | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Áit nó tír sprice | Fad (Km) | Méid (EUR) | | Riail leithdháilte | Oibleagáidí tuairiscithe |
| | | Taisteal & cóiríocht | Liúntas Cothaithe Laethúil (LCL) | | |
| Tír AE-28 agus CSTE/LEE (an Íoslainn agus an Iorua) ar bith | 0 – 50 | 0 | 50 /lá<br>25 /½ lá<br>Obs.: *3 lá ar a mhéad* | Cuireadh agallaimh ón bhfostóir agus faomhadh ó sheirbhís fostaíochta DCPE | Dearbhú sínithe ag an iarrthóir óg |
| | > 50 - 250 | 100 | | | |
| | > 250 – 500 | 250 | | | |
| | > 500 | 350 | | | |

## *Liúntas chun athlonnú go dtí Ballstát eile*

Má earcaítear iarrthóir óg le haghaidh socrúchán oibre i mBallstát eile, bíonn sé nó sí i dteideal liúntas (bunráta) a fháil sula bhfágann sé nó sí an tír chónaithe. Chun an liúntas seo a fháil, áfach, ní mór dó nó di deimhniú scríofa a fháil ón fhostóir a thugann mionsonraí faoin tairiscint agus faoin gconradh saothair.

Is iad seirbhísí fostaíochta DCPE atá taobh thiar den phróiseas seo agus a fhaomhann é. Athraíonn an liúntas seo de réir na tíre sprice ó EUR 635 go dtí EUR 1 270 de na costais taistil agus chothaithe, lena n-áirítear árachas taistil agus cóiríocht a bhaineann le lonnú sa tír sprice (ní bhaineann sé seo le comaitéirí trasteorann ná le hiarrthóirí atá ina gcónaí i dtír CSTE/LEE AE eile nó a bhfuil post, cúrsa oiliúna nó printíseacht á lorg acu i dtír CSTE/LEE AE eile.).



| LIÚNTAS DAOINE ÓGA CHUN AISTRIÚ GO DTÍ BALLSTÁT EILE (SOCRÚCHÁN OIBRE) | | | |
|---|---|---|---|
| **Tír sprice** | **Suim (EUR)** | **Riail leithdháilte** | **Oibleagáidí tuairiscithe** |
| An Ostair | **1025** | I ndiaidh conradh socrúchán oibre nó a choibhéis a fháil ón “tseirbhís fostaíochta DCPE” agus i ndiaidh dóibh é a cheadú | Dearbhú arna shíniú ag an iarrthóir a earcaítear |
| An Bheilg | **970** | | |
| An Bhulgáir | **635** | | |
| An Chipir | **835** | | |
| Poblacht na Seice | **750** | | |
| An Ghearmáin | **940** | | |
| An Danmhairg | **1 270** | | |
| An Eastóin | **750** | | |
| An Ghréig | **910** | | |
| An Spáinn | **890** | | |
| An Fhionlainn | **1090** | | |
| An Fhrainc | **1 045** | | |
| An Chróit | **675** | | |
| An Ungáir | **655** | | |
| Éire | **1 015** | | |
| An Íoslainn | **945** | | |
| An Iodáil | **995** | | |
| An Liotuáin | **675** | | |
| Lucsamburg | **970** | | |
| An Laitvia | **675** | | |
| Málta | **825** | | |
| An Ísiltír | **950** | | |
| An Iorua | **1 270** | | |
| An Pholainn | **655** | | |
| An Phortaingéil | **825** | | |
| An Rómáin | **635** | | |
| An tSualainn | **1090** | | |
| An tSlóivéin | **825** | | |
| An tSlóvaic | **740** | | |
| An Ríocht Aontaithe | **1060** | | |

## *Tacaíocht airgeadais eile*

Faoi choinníollacha áirithe, d'fhéadfadh iarrthóirí óga bheith incháilithe chomh maith i leith tacaíocht airgeadais bhreise a fháil, a bhaineann le costais **oiliúna** nó **athlonnaithe chun aistriú go dtí tír CSTE/LEE AE eile agus oibriú inti**. Soláthraítear an tacaíocht seo trí chostais chearta a aisíoc agus ní mór call a bheith leo go cuí i gcónaí sula dtabhaítear aon chaiteachas iarbhír.

Nuair a bhíonn ar dhaoine óga freastal ar **chúrsa teanga**, féadfaidh an t-iarrthóir nó an tseirbhís fostaíochta DCPE íoc go díreach as na costais ábhartha.

Más mian le hiarrthóir aistriú chuig tír CSTE/LEE AE eile chun tabhairt faoi phost, faoi chúrsa oiliúna nó faoi phrintíseacht le fostóir nua ina réimse gairmiúil, féadfaidh sé go mbeidh ar an iarrthóir aitheantas a fháil do na **cáilíochtaí acadúla agus/nó gairmiúla** atá aige nó aici.

Dírítear i scéim DCPE chomh maith ar chothromas agus ar chuimsiú a chur chun cinn trí rochtain do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu a éascú. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na riachtanais sin leis an tsláinte nó go dtiocfadh siad as cúlra eacnamaíoch, sóisialta nó cultúrtha iarrthóirí. D'fhéadfadh fachtóirí geografacha bheith ina gcúis le tacaíocht bhreise airgeadais a fháil chomh maith d'iarrthóirí a thaistilíonn ó na réigiúin is forimeallaí de chuid na hEorpa nó ó réigiúin nó tíortha forimeallacha chríoch LEE, m.sh. an Chipir, Críoch Lochlann Thuaidh, an Iodáil Theas, Málta srl. Is féidir go mbeidh iarrthóirí a chomhlíonann na critéir sin incháilithe freisin le haghaidh liúntas forlíontach athlonnaithe.

Féadfar tuilleadh eolais a fháil ó "sheirbhís fostaíochta DCPE" ar bith faoi na coinníollacha atá riachtanach chun tacaíocht a fháil. Tugtar léargas ginearálta sa tábla thíos ar an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil le haghaidh na nithe seo a leanas: oiliúint teanga, cáilíochtaí a aithint agus liúntas forlíontach athlonnaithe.

| BEARTA TACAÍOCHTA EILE DO DHAOINE ÓGA | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart** | **Suim (EUR)** | **Riail leithdháilte** | **Oibleagáidí tuairiscithe** |
| **Cúrsa teanga** | **Aisíocaíocht costas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 1 270** | ***Coinníollach:*** iarratas ar mhaoiniú a chur isteach mar aon le cur síos ar an oiliúint agus meastachán | Na costais tabhaithe a chosaint go hiomlán, cóip den sonrasc/fháltas agus den deimhniú oiliúna |
| **Cáilíochtaí a aithint** | **Aisíocaíocht costas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 1 000** | ***Coinníollach:*** iarratas ar iarratas a chur isteach mar aon le cóip den deimhniú náisiúnta acadúil nó gairmiúil | Na costais tabhaithe a chosaint go hiomlán, cóip den sonrasc/fháltas |
| **Liúntas forlíontach athlonnaithe** | **Aisíocaíocht costas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 500** | ***Coinníollach:*** iarratas ar mhaoiniú a chur isteach mar aon le cóip de theastas dochtúra, dearbhú ioncaim, cóip de chárta aitheantais nó eile agus, más féidir, meastachán de na costais shealadacha | Dearbhú arna shíniú ag an iarrthóir (más cosaint ex ante agus meastachán costas)<br>nó<br>na costais tabhaithe a chosaint go hiomlán, cóip den sonrasc/fháltas má dhéantar na costais chearta fhógartha a aisíoc |

# Tacaíocht airgeadais do FBManna (fostóirí)



Na fostóirí (FBManna) a thugann poist, cúrsaí oiliúna nó printíseachtaí d'iarrthóirí taistil trí DCPE, bíonn siad i dteideal tacaíocht airgeadais a fháil. Cumhdóidh an tacaíocht seo cuid de na costais a bhaineann le clár lánpháirtíochta don duine óg, don phrintíseach nó don duine faoi oiliúint nuafhostaithe. Maidir le hearcaíochta idirnáisiúnta, is féidir le tacaíocht lánpháirtíochta chuí iarshocrúcháin cabhrú leis an iarrthóir dul i dtaithí ar an socrúchán nua oibre.

## *Riachtanais an chláir lánpháirtíochta*

**D'fhéadfadh** FBManna (fostóirí) rogha a dhéanamh clár lánpháirtíochta a eagrú. Ach cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad amhlaidh, is féidir le FBManna leas a bhaint fós as seirbhísí tacaíochta agus earcaíochta DCPE. Tá de rogha ag FMB iarratas a chur isteach ar thacaíocht airgeadais DCPE nó gan é sin a dhéanamh, ag brath ar na riachtanais earcaíochta.

Is é atá i gceist le clár lánpháirtíochta ná oiliúint ionduchtúcháin a sholáthar, b'fhéidir i gcumasc le tacaíocht iarshocrúcháin eile, a sholáthraíonn an fostóir don oibrí/duine faoi oiliúint/phrintíseach taistil óg nua, agus é mar chuspóir aige nó aici lánpháirtíocht sa phost a éascú agus bacainní ar shoghluaisteacht saothair a réiteach.

Cuirtear clár lánpháirtíochta ar fáil de ghnáth le linn na chéad seachtainí sa phost nua amháin, agus féadfaidh oiliúint a bhaineann leis an bpost agus/nó cúrsa teanga bheith i gceist leis. Féadfar iad seo a chur ar fáil go seachtrach nó go hinmheánach sa chuideachta/san eagraíocht.

Tabhair faoi deara le do thoil, i gcás daoine faoi oiliúint nó printíseach, nár cheart aon rud a bheith i gcomhar ag an gclár lánpháirtíochta agus ag an gcúrsa oiliúna nó clár printíseachta atá leagtha amach chun a chinntiú go bhfaighfear tacaíocht. Ní mór don iarrthóir FBM údar a thabhairt lena iarratas.

Nuair is féidir, ba cheart tacaíocht riaracháin agus cúnamh athlonnaithe don earcach nua bheith ina gcuid de ghnéithe foghlama an chláir lánpháirtíochta (m.sh cúrsa ionduchtúcháin oiliúna nó teanga). Baineann sé sin go háirithe le daoine faoi oiliúint agus le printísigh.

Cé gur cheart don fhostóir méid agus inneachar an chláir lánpháirtíochta a chinneadh, ní mór aon ghné oiliúna nó foghlama amháin ar a laghad a bheith ann ***i gcónaí***. Dá réir sin, is féidir cláir de leibhéil dhifriúla a sholáthar, idir chláir ***bhunúsacha*** (nach bhfuil ach gné amháin i gceist leo) agus cláir ***chuimsitheacha*** (tacaíocht riaracháin agus cúnamh athlonnaithe mar bharr ar mhodúl oiliúna), a mholtar go háirithe do na hoibrithe, do na daoine faoi oiliúint agus do na printísigh go léir a earcaítear.

## *Fad an chláir lánpháirtíochta a mholtar*

Is féidir an clár lánpháirtíochta a chur ar siúl ar feadh tréimhsí leantacha nó tréimhsí ar leithligh, ar choinníoll go gcuirfear tús leis le linn na chéad trí seachtaine de phost, de chúrsa oiliúna nó de phrintíseacht. Cé nach mbaineann aon riachtanais shonracha le fad an chláir oiliúna, ba cheart dó bheith réadúil chun na torthaí ionchais a bhaint amach.

## *Conas tacaíocht airgeadais a fháil*

Chun bheith i dteideal maoiniú a fháil, ní mór go dtabharfadh an fostóir (FBM) údar maith leis an iarratas agus go dtabharfadh sé nó sí léargas ar an gclár lánpháirtíochta. Is féidir é seo go léir a shoiléiriú nuair a chuireann an fostóir tairiscint ar fholúntas isteach nó nuair a bhíonn iarrthóir taistil réamhroghnaithe aige nó aici. Ba cheart riachtanais oiliúna a aithint tráth nach déanaí ná céim an agallaimh.

Ní mór don FBM foirm iarratais a chur isteach a thugann miontuairisc ar an gclár lánpháirtíochta atá beartaithe sula dtosaíonn an t-iarrthóir óg ag obair don chuideachta. Ní mór don “tseirbhís fostaíochta DCPE” ábhartha gach iarratas a sheiceáil agus a fhíorú. Soláthraíonn na seirbhísí seo an t-eolas agus na foirmeacha iarratais go léir atá riachtanach.

Féach an tábla seo a leanas, le do thoil, chun miondealú a fháil ar na suimeanna bunráta atá infheidhmithe sna Ballstáit dhifriúla, bunaithe ar an gcineál oiliúna a chuirtear ar fáil.



**BUNRÁTAÍ ARNA gCurI bhFEIDHM MAIDIR LE CLÁIR LÁNPHÁIRTÍOCHTA FBMANNA DO NA hIARRTHÓIRÍ ÓGA A EARCAÍTEAR***

| Tír earcaíochta | Oiliúint bhunúsach ionduchtúcháin (EUR) | Oiliúint chuimsitheach ionduchtúcháin (EUR) | Riail leithdháilte | Oibleagáidí tuairiscithe |
|---|---|---|---|---|
| | I | II | | |
| An Ostair | **820** | **1025** | ***Coinníollach:*** foirm iarratais a chur isteach, faoi réir faomhadh "sheirbhís fostaíochta DCPE" | Iarratas ar íocaíocht + liosta sínithe de na rannpháirtithe agus cur síos gearr ar ábhar téama agus fad na hoiliúna |
| An Bheilg | **775** | **970** | | |
| An Bhulgáir | **505** | **635** | | |
| An Chipir | **665** | **835** | | |
| Poblacht na Seice | **600** | **750** | | |
| An Ghearmáin | **750** | **940** | | |
| An Danmhairg | **1 015** | **1 270** | | |
| An Eastóin | **600** | **750** | | |
| An Ghréig | **725** | **910** | | |
| An Spáinn | **710** | **890** | | |
| An Fhionlainn | **872** | **1090** | | |
| An Fhrainc | **835** | **1 045** | | |
| An Chróit | **540** | **675** | | |
| An Ungáir | **525** | **655** | | |
| Éire | **810** | **1 015** | | |
| An Íoslainn | **755** | **945** | | |
| An Iodáil | **795** | **995** | | |
| An Liotuáin | **540** | **675** | | |
| Lucsamburg | **775** | **970** | | |
| An Laitvia | **540** | **675** | | |
| Málta | **660** | **825** | | |
| An Ísiltír | **760** | **950** | | |
| An Iorua | **1 015** | **1 270** | | |
| An Pholainn | **525** | **655** | | |
| An Phortaingéil | **660** | **825** | | |
| An Rómáin | **505** | **635** | | |
| An tSualainn | **870** | **1090** | | |
| An tSlóivéin | **660** | **825** | | |
| An tSlóvaic | **590** | **740** | | |
| An Ríocht Aontaithe | **845** | **1060** | | |

* *Rátaí in aghaidh an iarrthóra*

# Bearta tacaíochta eile

Baineann na bearta atá sainithe sna rannáin thuas le **tacaíocht dhíreach** do dhaoine óga agus do FBManna. D'fhéadfadh seirbhísí tacaíochta eile a bheith ar fáil do dhaoine óga, áfach, a dtairgeann "seirbhísí fostaíochta DCPE" **saor in aisce** iad.

Is féidir tacaíocht bhreise oiliúna nó meantóireachta a chur ar fáil chun iarrthóirí ar phoist, ar chúrsaí oiliúna nó ar phrintíseachtaí a mhealladh nó chun rath na socrúchán oibre a threisiú. Féadann modhanna éagsúla a bheith i gceist leis an tacaíocht seo, ar chuntar go mbainfear amach na cuspóirí foghlama nó tacaíochta.

## Oiliúint ullmhúcháin (oiliúint teanga nó eile)

Mar a luadh ar leathanach 15, d'fhéadfadh iarrthóirí bheith incháilithe i gcomhair aisíocaíocht a fháil do na cúrsaí teanga as ar íoc siad féin. I gcásanna áirithe, féadfar iarraidh ar na "seirbhísí fostaíochta DCPE" ábhartha cuidiú a thabhairt, Mar shampla, d'fhéadfaidís rochtain ar riachtanais **oiliúna teanga nó oiliúna bunúsaí eile** a sholáthar nó a éascú. Tá sé mar chuspóir ag an oiliúint seo inniúlachtaí ginearálta an iarrthóra a fheabhsú, mar aon le hoiriúnacht an iarrthóra don phost, don chúrsa oiliúna nó don shannachán printíseachta atá roimhe nó roimpi. Cuirtear an cineál seo oiliúna ar fáil don duine óg réamhroghnaithe nó earcaithe dár sainaithníodh riachtanas oiliúna.

Is beart tacaíochta um shocrúchán oibre gearrthéarma an oiliúint ullmhúcháin. Ní mhaoinítear faoi DCPE ard-ghairmoiliúint ná oiliúint do riachtanas sainordaitheach maidir le deimhniú gairmiúil.

## Tacaíocht meantóireachta

Chomh maith leis an meantóireacht ghairmiúil inmheánach arna soláthar ag fostóirí (féach tuilleadh eolais ar leathanach 19), féadfaidh "seirbhísí fostaíochta DCPE" meantóireacht a sholáthar freisin, do dhaoine faoi oiliúint agus do phrintísigh go háirithe. Is beart roghnach an beart tacaíochta seo, áfach.

Féadfar na seirbhísí seo a chur ar fáil ar feadh tréimhse sé seachtaine ar a mhéad, ag tosú a luaithe agus is féidir tar éis don iarrthóir teacht go dtí an tír sprice. Féadfar líon seisiún meantóireachta difriúil a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais aonair agus ar na cúinsí sonracha.

Tá sé mar aidhm ag an tacaíocht meantóireachta tacaíocht agus treoir shochoideolaíoch a thairiscint, lasmuigh den shocrúchán oibre, do dhaoine faoi oiliúint agus do phrintísigh a dteastaíonn timpeallacht níos struchtúrtha uathu chun go n-éireoidh leo ina bpost nua sa tír óstach (m.sh. cabhair le saincheisteanna dlíthiúla, institiúideacha nó teaghlaigh nó saincheisteanna eile a bhaineann le lonnú i dtír nua). D'fhéadfadh fad agus cineál na tacaíochta a bheith éagsúil de réir riachtanais na n-iarrthóirí.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le **hoiliúint ullmhúcháin nó tacaíocht meantóireachta le DCPE**, féach, le do thoil, na "seirbhísí fostaíochta DCPE" ábhartha.

# Rannpháirtithe a íoc



Ba cheart daoine óga a íoc chomh pras agus is féidir, agus an méid páipéarachais is lú a úsáid.

De rogha, ba cheart iarrthóirí óga nó oibrithe, daoine faoi oiliúint nó printísigh a earcaítear a íoc ***sula*** bhfreastalaíonn siad ar agallamh poist ina dtír dhúchais féin nó thar lear, agus sula n-aistríonn siad thar lear chun tabhairt faoin dualgas. Ní bhíonn sé seo indéanta ***ach amháin* má chloíonn na "seirbhísí fostaíochta DCPE" ábhartha leis na coinníollacha maidir le héileamh maoinithe agus má dhéanann siad na coinníollacha sin a fhaomhadh**.

Ba cheart an t-iarrthóir a íoc nuair a fhaightear deimhniú scríofa ón bhfostóir, maidir leis an agallamh, a bhfuil an t-eolas riachtanach go léir ann nó, i gcás socrúchán oibre, cóip den chonradh saothair ón bhfostóir nó litir gealltanais shínithe ar a laghad a dheimhníonn go bhfuarthas tairiscint poist,cúrsa oiliúna nó printíseachta.

Ní íocfar liúntas an turais agallaimh nó an liúntas athlonnaithe do dhaoine óga ach má dhearbhaíonn an fostóir nach ndearna sé nó sí soláthar i leith na costais chéanna a íoc (an prionsabal "gan maoiniú dúbailte a thabhairt"). Ní mór do na "seirbhísí fostaíochta DCPE" sochair an fhostóra maidir leis seo a sheiceáil roimh ré.

Ba cheart don fhostóir na doiciméid a sheoladh go díreach chuig "seirbhís fostaíochta DCPE". I ngach cás, ní mór do na "seirbhísí fostaíochta DCPE" dlíthiúlacht agus cothroime na ndoiciméad a sheiceáil.

Íocfar as na costais a thabhóidh iarrthóirí óga agus iad ag freastal ar chúrsa teanga nuair a bheidh an cúrsa críochnaithe acu.

Mar an gcéanna, íoctar costais a thabhaítear maidir le haitheantas cáilíochtaí nuair a chuireann an t-iarrthóir na nósanna imeachta um iarratas ar aitheantas a theastaíonn i gcrích.

An liúntas forlíontach athlonnaithe do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu, leithdháiltear é roimh an turas nó ina dhiaidh. Ní mór dó a bheith bunaithe ar iarratas ar gá fianaise tacaíochta a chur isteach leis, go háirithe maidir le riocht leochaileach an iarrthóra.

Is féidir tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le nósanna imeachta íocaíochta ó "seirbhísí fostaíochta DCPE".

# Forbhreathnú ar rialacha DCPE

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar chritéir rannpháirtíochta DCPE, na bearta tacaíochta agus an maoiniú atá ar fáil. Ní chumhdófar costais eile a thabhóidh grúpaí sprice seachas iad siúd atá sainithe sa tábla faoi scéim DCPE.

| | | |
|---|---|---|
| CAD É "DO CHÉAD PHOST EURES"? | Is éard is **Do Chéad phost EURES** ann scéim soghluaisteachta spriocdhírithe chun cuidiú le daoine óga post, cúrsa oiliúna nó printíseacht a fháil i dtír AE-28 agus CSTE/LEE (an Íoslainn agus an Iorua) | |
| GRUPAÍ SPRICE | **Daoine óga** | **Fostóirí** |
| CRITÉIR INCHÁILÍOCHTA<br>DO GHRÚPAÍ SPRICE | → Aois 18 go 35 ag an tráth a chuirtear iarratas isteach<br>→ Náisiúnach CSTE/LEE AE (an Íoslainn agus an Iorua) agus atá ina gcónaí go dlíthiúil i gceann ar bith de na tíortha sin<br>→ Ag lorg socrúchán oibre i dtír CSTE/LEE AE (an Íoslainn agus an Iorua)<br>→ Ní gá gur iarrthóir soghluaisteachta céad uaire é nó í<br>→ Cáilíocht no taithí oibre a bheith acu | → Gach eagraíocht/gnólacht atá bunaithe go dlíthiúil beag beann ar mhéid na corparáide nó an earnáil eacnamaíochta CTSE/LEE AE (an Íoslainn agus an Iorua)<br>→ cloíonn leis na dlíthe saothair agus fioscacha is infheidhme sna tíortha ina bhfuil siad bunaithe<br>→ Féadfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM, .i. gnólachtaí ina bhfuil suas le 250 fostaí) leas a bhaint as tacaíocht airgeadais |
| SOCRÚCHÁIN OIBRE | → Poist, cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí<br>→ Lonnaithe i dtír CSTE/LEE AE (An Íoslainn agus an Iorua) seachas tír chónaithe an iarrthóra<br>→ Go bhfuil siad comhlíontach maidir leis na dlíthe saothair agus cosanta sóisialta agus faoi réir faisnéise oscailte agus trédhearcaí um chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe<br>→ Go gcinntítear luach saothair agus caidreamh conarthach scríofa a mhaireann 6 mhí ar a laghad iontu<br>→ Gur socrúchán oibre lánaimseartha nó páirtaimseartha iad (nach lú ná 50 % de choibhéis lánaimseartha)<br>→ Ní mór do shocrúcháin cúrsaí oibre agus printíseachta na cuspóirí foghlama imleora a chinntiú chomh maith le haitheantas toraidh cuí a chur ar fáil (.i. deimhniú/dearbhú scríofa) | |
| EISIAIMH | → Náisiúnaigh, fostóirí agus socrúcháin oibre ó Lichtinstéin, ó Chónaidhm na hEilvéise agus ó thríú tíortha<br>→ Oibrithe ar phostú<br>→ Socrúcháin oibre in institiúidí agus comhlachtaí AE nó in eagraíochtaí nó gníomhaireachtaí comhchosúla eile (m.sh. na Náisiúin Aontaithe, EDFE, Comhairle na hEorpa, srl) nó líonraí nó eagraíochtaí arna maoiniú ag AE<br>→ Socrúcháin oibre shéasúracha nó shealadacha eile lena mbaineann fad conarthach faoi 6 mhí<br>→ Cúrsaí gairmoiliúna nó cineál ar bith eile tacaíocht oiliúna atá ina gcuid de riachtanais éigeantacha um dheimhniú gairmiúla, m.sh. cúram sláinte nó gairmithe dlí | |

<table>
<tr><th></th><th></th><th colspan="2">DAOINE ÓGA</th><th colspan="2">FOSTÓIRÍ</th></tr>
<tr><td rowspan="8">BEARTA TACAÍOCHTA</td><td rowspan="6">TACAÍOCHT AIRGEADAIS DHÍREACH</td><td>Beart</td><td>Ranníocaíocht airgeadais (méideanna in aghaidh an iarrthóra)</td><td>Beart</td><td>Ranníocaíocht airgeadais (in aghaidh an fhostóra)</td></tr>
<tr><td>Liúntas don turas agallaimh<br>(i dtír chónaithe an iarrthóra nó i dtír CSTE/LEE AE eile)</td><td>Ó EUR 100 go EUR 350 i gcomhair costais taistil, de réir an fhaid + LCL</td><td rowspan="5">Clár lánpháirtíochta don oibrí (oibrithe), oiliúnaí (oiliúnaithe) nó printíseach (printísigh) nua.<br>D'fhéadfadh mír amháin ar a laghad de na míreanna seo a leanas a bheith air (oiliúint bhunúsach):<br>→ Oiliúint ghairmiúil ionduchtúcháin<br>→ cúrsa teanga<br>D'fhéadfaí ceann ar bith dóibh siúd thuas a chomhcheangal le tacaíocht riaracháin agus éascú lonnaíochta (oiliúint chuimsitheach)</td><td rowspan="5">Ag athrú ó EUR 505 go EUR 1 270 in aghaidh an iarrthóra de réir na tíre sprice agus chineál an chláir lánpháirtíochta<br>(bunúsach nó cuimsitheach)</td></tr>
<tr><td>Liúntas athlonnaithe</td><td>Ag athrú ó EUR 635 go EUR 1 270, de réir na tíre sprice</td></tr>
<tr><td>Cúrsa teanga</td><td>Aisíocaíocht na gcostas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 1 270</td></tr>
<tr><td>Aitheantas cáilíochtaí</td><td>Aisíocaíocht na gcostas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 1 000</td></tr>
<tr><td>Liúntas forlíontach athlonnaithe</td><td>Aisíocaíocht na gcostas iarbhír arna bhfógairt suas le EUR 500</td></tr>
<tr><td>BEARTA TACAÍOCHTA EILE</td><td colspan="2">D'fhéadfadh na seirbhísí fostaíochta DCPE pacáiste cuimsitheach a chur ar fáil d'iarrthóirí óga ó réamhshocrúchán go hiarshocrúchán.<br>D'fhéadfadh na seirbhísí saor in aisce seo a leanas a bheith ar fáil:<br>→ Oiliúint ullmhúcháin (oiliúint teanga roimh imeacht agus/nó i ndiaidh teacht nó riachtanas teanga eile;<br>→ Tacaíocht meantóireachta</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

*"Bhí na cúrsaí teanga agus an treoir a chuir na comhairleoirí ar fáil an-luachmhar. Ar deireadh, bhí cleachtadh ullmhúcháin DCPE ina chleachtadh cumhachtach chun dul isteach i saol na hoibre."*

**Leonardo Maria De Paolis, altra Iodálach a earcaíodh chuig an Ríocht Aontaithe.**

# Gluais

**AE** — an tAontas Eorpach.

**CLA** — Coibhéis Lánaimseartha.

**Clár lánpháirtíochta** — Pacáiste a chumhdaíonn oiliúint bhunúsach ionduchtúcháin ar a laghad, oiliúint arna soláthar ag fostóir don oibrí óg taistil nua chun cabhrú lean lánpháirtiú san fhiontar a éascú. Ní mór go mbeadh oiliúint le seirbhísí tacaíochta (nó gan seirbhísí tacaíochta) eile ar fáil freisin mar chuid den phacáiste seo).

**Costais chothaithe** — costais a bhaineann le cóiríocht, le béilí, le taisteal áitiúil, le teileachumarsáid, agus le hilnithe eile.

**CSTE/LEE** — Bunaíodh an LEE an 1 Eanáir 1994 i ndiaidh comhaontú idir Ballstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus an Aontais Eorpaigh. Go sonrach, ceadaíonn sé don Íoslainn, do Lichtinstéin agus don Iorua páirt a ghlacadh i margadh inmheánach an AE, .i. chun leas a bhaint as an gceart um shaorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil i measc na dtíortha rannpháirtíochta go léir. Faoin scéim "DCPE" ní féidir ach leis an Íoslainn agus leis an Iorua páirt a ghlacadh de réir chomhaontú LEE.

**Costais taistil** — turas singil nó turas fillte ón tír chónaithe go dtí an tír sprice.

**Cuardaitheoir poist** — duine éigin a bhfuil post á lorg aige nó aici.

**Cúrsa oiliúna** — tréimhse theoranta cleachtas oibre a chaitheann mic léinn nó daoine óga, a chríochnaigh leis an oideachas le déanaí, i ngnólacht, i gcomhlacht poiblí nó in institiúid neamhbhrabúis, chun taithí oibre luachmhar, theagmhálach a fháil sula dtabharfaidh siad faoin ngnáthfhostaíocht (féach freisin: Printíseacht).

**Daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu** — i gcomhthéacs scéim "DCPE" is éard is duine a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici rannpháirtí féideartha a bhféadfadh tacaíocht airgeadais bhreise a bheith de dhíth air nó uirthi i ngeall ar a gcás aonair sláinte nó ar a gcúlra eacnamaíoch nó sóisialta nó a n-áit gheografach chónaithe lena rannpháirtíocht i ngníomhaíocht shoghluaisteacht phost a chinntiú.

**DCPE** — Scéim soghluaisteachta spriocdhírithe-Do chéad phost EURES

**EaSI** — Clár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta (2014 - 20).

**Earcaíocht** — próiseas ina ndéanann fostóir iarrthóir a fhostú le folúntas a líonadh.

**EURES** — Bunaithe i 1993, líonra comhair is ea EURES idir an Coimisiún Eorpach agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí an LEE. Glacann an Eilvéis páirt i gcomhar EURES chomh maith. Tá líonra de líon os cionn 1 000 Comhairleoir EURES ag EURES agus tairseach gréasáin (http://eures.europa.eu) ar a bhfuil eolas maidir le margaí saothair agus folúntais phoist ar fud na hEorpa. Cuireann sé eolas, comhairle, treoir, meaitseáil post agus seirbhísí post ar fáil ar mhaithe le hoibrithe agus le fostóirí, agus ar mhaithe le saoránach ar bith atá ag iarraidh leas a bhaint as an gceart chun saorghluaiseacht oibrithe sa LEE.

**FBM** — fiontar beag agus meánmhéide a bhfuil suas le 250 fostaí ann.

**Iarrthóir** — an t-ógchuardaitheoir poist a bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici ar phost, ar chúrsa oiliúna nó ar phrinsíteacht i dtír CSTE/LEE AE eile.

**Inniúlachtaí** — cumas cruthaithe maidir le heolas, le scileanna agus le hacmhainní pearsanta, sóisialta agus/ nó modheolaíocha a úsáid, i gcás oibre nó staidéir agus i bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

**Liúntas** — suim airgid sheasta

**LCL** — Liúntas Cothaithe Laethúil

**Meaitseáil post** — iarrthóirí atá oiriúnach le haghaidh folúntas poist faoi leith a aithint.

**Maoiniú bunráta** — maoiniú a chumhdaíonn catagóirí sainiúla caiteachais, trí iarratas a dhéanamh ar chnap-shuim nó scála costas aonaid.

**Na réigiúin is forimeallaí** — rangaítear naoi réigiún san Aontas Eorpach mar na réigiúin 'is forimeallaí': Guadalúip, Guáin na Fraince, Réunion, Martinique, Mayotte, Saint Martin (An Fhrainc), Na hAsóir agus Maidéara (An Phortaingéil), agus na hOileáin Chanáracha (An Spáinn).

**Ógchuardaitheoir poist taistil** — duine óg de mhuintir na hEorpa a bhfuil post á lorg aige nó aici i mBallstát eile.

**Oibrí óg taistil** — duine óg atá ag obair cheana nó a earcaíodh chun dul ag obair i mBallstát eile AE.

**Oiliúint obairbhunaithe** — taithí ghairmiúil inchuideachta a fháil mar dhuine faoi oiliúint nó mar phrintíseach.

**Post** — is éard is post ann obair a dhéantar faoi threoir duine éigin agus a bhfaigheann duine íocaíocht ina leith.

**Printíseacht** — post oiliúna sealadach bunaithe ar obair i gcuideachta nó in eagraíocht (féach fosta: Cúrsa oiliúna).

**Scileanna** — an cumas chun eolas a chur i bhfeidhm agus a úsáid chun tascanna a chur i gcrích agus chun fadhbanna a réiteach.

**Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe** — tionscnamh saincheaptha chun dul i ngleic le riachtanais grúpaí sprice, earnálacha eacnamaíochta nó tíortha faoi leith.

**"Seirbhís fostaíochta DCPE"** — an eagraíocht margaidh saothair a bhfuil comhaontú deontais aici leis an gCoimisiún Eorpach chun gníomhaíochtaí DCPE a chur i bhfeidhm.

**Socrúchán poist** — folúntas poist a líonadh, .i. aistriú de facto cuardaitheora poist cláraithe nó duine ag aistriú poist chuig fostaíocht.

**Soghluaisteacht thrasnáisiúnta an lucht saothair** — an cumas chun bogadh ó Bhallstát amháin go dtí Ballstát eile chun glacadh le deis oibre.

**Spriocghrúpaí** — Sa treoir seo, tagraíonn an téarma do dhaoine óga agus d'fhostóirí (ábharthacht do FBManna)

**Tír chónaithe** — an tír ina gcónaíonn an t-oibrí óg ionchasach (.i. an áit atá léirithe ar an gcárta aitheantais nó doiciméad dlíthiúil coibhéiseach) nuair a cuireadh an t iarratas ar phost i mBallstát eile isteach..

# Tagairtí úsáideacha

**Ag obair i dtír AE eile:** http://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=ga&catId=25

**Aitheantas cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla**
http://ec.europa.eu/internal_market/qualifications/index_en.htm

**Comhairle maidir le scéimeanna cúrsaí oiliúna agus printíseachta:**
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1045&langId=en

**D'Eoraip** tairseach comhairle do shaoránaigh agus don ghnó: http://europa.eu/youreurope/advice/

**EaSI —** Clár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta:
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1081&langId=ga

**Eoraip go Díreach** seirbhísí eolais do shaoránaigh: http://europa.eu/europedirect/

**ERASMUS +:** http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/index_ga.htm

**ERASMUS d'fhiontraithe óga:** http://www.erasmus-entrepreneurs.eu/index.php?lan=en

**EURAXESS** eolas agus tacaíocht do thaighdeoirí: http://ec.europa.eu/euraxess/

**EURES** an Tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go chéile: http://eures.europa.eu

**EUROGUIDANCE —** líonra na dtreoirchóras gairme san Eoraip: http://euroguidance.eu

**EUROPASS:** http://europass.cedefop.europa.eu

**NARIC** bealach chun cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla a aithint: http://enic-naric.net/

**PLOTEUS (an Tairseach um Dheiseanna Foghlama san Eoraip)** http://ec.europa.eu/ploteus/home_ga.htm

**SOLVIT** gréasáin réitigh fadhbanna: http://ec.europa.eu/solvit/

**Tairseach Eorpach na hÓige:** http://europa.eu/youth/EU_ga

**Tacaíocht ón Líonra Fiontar Eorpach do FBManna:** http://een.ec.europa.eu

**Bí páirteach linn ar na meáin shóisialta**

EURESjobs
EURESjob
EURES (leathanach na cuideachta)
EURES na hEorpa

**Liostáil dár nuachtlitir**

http://bit.ly/1amjybM

**Faigh nuacht trínár bhFotha RSS**

https://ec.europa.eu/eures/RSSFeed?rssType=public&language=ga

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
  níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
- ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct
  (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu)

KE-04-14-955-GA-N

**Do chéad phost EURES**
**Scéim soghluaisteachta spriocdhírithe**

**Á dhéanamh níos fusa bogadh thart agus obair / daoine óga a earcú san Eoraip**
**Treoir do Chuardaitheoirí Poist agus d'Fhostóirí**

*Is tionscnamh é "Do chéad phost EURES" arna mhaoiniú ag AE:*

- a chabhraíonn le daoine óga de mhuintir na hEorpa post, cúrsa oiliúna nó printíseacht a fháil i dtír eile de chuid AE,
- a chabhraíonn le FBManna agus le fostóirí eile buíon níos leithne daoine éirimiúla a rochtain.

*Treoir phraiticiúil a chumhdaíonn:*

- riachtanais cháilitheachta agus conas iarratas a chur isteach,
- conas tacaíocht dírithe ar phost agus tacaíocht airgeadais a fháil,
- cá háit is féidir tuilleadh eolais a fháil.

*Cuardaigh "Do chead phost EURES" inniu!*

Cuirtear an foilseachán seo ar fáil i bhformáid leictreonach
i ngach teanga oifigiúla eile an AE chomh maith leis an Ioruais agus leis an Íoslainnis.

Más mian leat nuashonruithe a fháil go rialta faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht, cláraigh chun an ríomh-nuachtlitir "Social Europe" a fháil saor in aisce ag
http://ec.europa.eu/social/e-newsletter

Is féidir leat ár bhfoilseacháin a íoslódáil nó liostáil dóibh saor in aisce ag
http://ec.europa.eu/social/publications

https://www.facebook.com/socialeurope

https://twitter.com/EU_Social

Oifig na bhFoilseachán